C/2024/839

16.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M. .11404 – PG / VELVET CARE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/839)

1. An 8 Eanáir 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Partners Group AG ('PG', an Eilvéis), atá faoi rialú Partners Group Holding AG.

— Velvet CARE sp. z o.o. ('Velvet Care', an Pholainn), atá faoi rialú Abris Capital Partners.

Gheobhaidh PG rialú aonair ar Velvet Care ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta margaí príobháideacha domhanda é PG a bhfuil infheistíochtaí aige i réimse an chothromais phríobháidigh, an eastáit réadaigh phríobháidigh, an bhonneagair phríobháidigh agus an fhiachais phríobháidigh.

— Is monaróir táirgí páipéir sláinteachais é Velvet Care. Tá sé gníomhach go príomha i dtáirgeadh táirgí páipéir, mar shampla páipéar leithris, páipéar aghaidhe, tuáillí páipéir cistine agus tuáillí fillte, chomh maith le páipéar folctha tais neamhfhite.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M .11404 – PG / VELVET CARE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË